2022.M49T

2022L067G1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Ceol

## Cumadóireacht

## Gnáthleibhéal

## Déardaoin 23 Meitheamh Tráthnóna 3:15 - 4:45

50 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe** Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 50 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 50 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

    ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

    **nó**

    ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise/sracobair ag deireadh an leabhráin. Marcáil an obair bhreise seo go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 50 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:

| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 1** | Leanúint d'oscailt a thugtar | (50 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 2** | Ceol a chur le téacs a thugtar | (50 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 3** | Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar | (50 marc) |

**Ceist 1** **(50 marc)**

**Leanúint d'oscailt a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).

(a)
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ veidhlín

☐ trumpa

☐ cláirnéid

☐ obó



**agus**

(b) • Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
• Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
• Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ veidhlín

☐ trumpa

☐ cláirnéid

☐ obó



**Ceist 2** **(50 marc)**


**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).

Seo a leanas sliocht as an dán *An Leipreachán* le Mícheál Ó Donnchú.

Maidin mhoch ag bun an phóirse
Chuala glóirín gleoite binn –
Glór mar a dhéanfadh cloigín órga,
Cloigín ceoil na slóite sí.

(a) • Cuireadh rithim leis an dá líne thosaigh. Cum rithim a d'oirfeadh do na focail eile.



(b) • Agus tú ag úsáid na rithime a chum tú ag (a), lean ar aghaidh leis an oscailt seo thíos chun séis ocht mbarra a dhéanamh.
- Críochnaigh ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Scríobh na focail faoi na nótaí.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.



**Ceist 3** **(50 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Freagair (a) **agus** (b).


(a)
- Déan staidéar ar oscailt na minite seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ veidhlín

☐ obó

☐ trumpa

☐ fliúit Shasanach fhoréise



**agus**


(b) • Déan staidéar ar oscailt na máirseála seo.
- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis ocht mbarra a dhéanamh, ag críochnú ar an ngléasnóta, is é sin, dó.
- Cuir comharthaí mírithe agus mothúcháin cuí leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ veidhlín

☐ obó

☐ trumpa

☐ fliúit Shasanach fhoréise



Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 50 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:

**Ceist 4** Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta (50 marc)

**nó**

**Ceist 5** Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta (50 marc)

**nó**


**Ceist 6** Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta (50 marc)

**Ceist 4** **(50 marc)**

**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála F ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | E° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Agus tú ag úsáid na rithimí a thugtar duit, cuir isteach nótaí séise agus dordnótaí chun ná dúntaí agus na réamhchordaí a chríochnú mar seo a leanas:

  (i) Ag **A**, dúnadh briste le réamhchorda (I–V–vi)
  (ii) Ag **B**, dúnadh tánaisteach le réamhchorda (vi–IV–I)
  (iii) Ag **C**, dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh) le réamhchorda (I–IV–V)
  (iv) Ag **D**, dúnadh foirfe (lándúnadh) le réamhchorda (ii–V–I)



A
B
C
D

**Ceist 5** **(50 marc)**

**Dordnótaí agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála D ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | A<br>F♯<br>D | | C♯<br>A<br>F♯ | | | | G<br>E<br>C♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | D | | F♯m | | | | C♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha chun na dúntaí ag **A, B, C** agus **D** a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.
- Ná bíodh an corda céanna agat i mboscaí le hais a chéile.



A
B
C
D

**Ceist 6** **(50 marc)**

**Nótaí forshéise agus comharthaí corda a chur isteach ag pointí dúnta**


**Réamhobair:**

- Scríobh amach mórscála C ar an gcliath thíos.



- Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit sa ghléas seo (I, ii, IV, V agus vi) i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos. Tá an chéad chorda tugtha.

| Nótaí an chorda | G<br>E<br>C | | B<br>G<br>E | | | | F<br>D<br>B |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | C | | Em | | | | B° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil ar an gcéad leathanach eile.
- Cuir isteach cordaí agus nótaí forshéise oiriúnacha ag **A, B, C** agus **D** chun deireadh na míreanna a chríochnú.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.


A
Forshéis
Séis
Dord
B
C
D

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 23 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2022.M51T

2022L067G2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Ceol

## Éisteacht

## Gnáthleibhéal

Déardaoin 23 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe** Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre ar fáil i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as an gcéad ghluaiseacht de *Choinséartó don Phianó i Mórghléas A K488* le Mozart.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** (i) Méadar an cheoil sa sliocht seo ná

☐ 3

☐ 4

(ii) Tá tonúlacht an cheoil sa sliocht seo

☐ mór

☐ mion


**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Déan cur síos ar dhifríocht amháin idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i **Sliocht 1**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–4 sa sliocht priontáilte thíos.**




**(d)** Cuir isteach an **dá** nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór. Úsáid an rithim a thugtar.

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** (i) Ag tús an tsleachta, tá uigeacht ceoil aonair an phianó

- ☐ monafónach
- ☐ homafónach
- ☐ ilfhónach

(ii) Is iad na huirlisí ar a seinntear an tséis ina dhiaidh sin ná

- ☐ cláirnéidí agus basúin
- ☐ dordveidhilí agus olldoird

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** (i) Is í an uirlis atá á seinm ag an aonréadaí sa sliocht seo ná

- ☐ pianó
- ☐ veidhlín
- ☐ fliúit

(ii) Ag deireadh an tsleachta tá

- ☐ dúnadh neamhfhoirfe (leathdhúnadh)
- ☐ dúnadh tánaisteach
- ☐ dúnadh foirfe (lándúnadh)

**(g)** Sainaithin slí amháin ina bhfuil an ceol a chloistear sa sliocht seo cosúil leis an gceol a chloistear i **Sliocht 4**.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Trí shliocht as *Symphonie Fantastique* le Berlioz.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Is iad na huirlisí ar a seinntear an tséis sa sliocht seo ná:

- ☐ trumpaí
- ☐ coirn Fhrancacha
- ☐ trombóin agus ofaicléidí

**(b)** Is air seo atá an t-ábhar téamach sa sliocht seo bunaithe:

- ☐ téama na máirseála
- ☐ an téama síos
- ☐ *idée fixe*

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin gné amháin den tséis sa sliocht seo.

| Gné: |
|---|
| |
| |
| |

**(d)** Gné den sliocht seo ná téaduirlisí *tremolo*. Mínigh an téarma *tremolo*.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** (i) Sa sliocht seo, seinntear an tséis

- ☐ go mín
- ☐ gearr agus scartha
- ☐ go mall

(ii) Is é an téarma ceoil air sin ná

- ☐ *staccato*
- ☐ *adagio*
- ☐ *legato*

**Ceist 3** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Seachanges (with Danse Macabre)* le Raymond Deane.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** (i) Is iad na huirlisí ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta ná:

☐ mairimbe agus pianó

☐ mairimbe agus veidhlín

☐ mairimbe agus fliúiteog

(ii) Tá na huirlisí sin á seinm

☐ i gcanóin

☐ in armóin

☐ in aoncheol

**(b)** Gné den sliocht seo ná *sul ponticello.* Mínigh *sul ponticello*.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin gné amháin den cheol a sheinntear ar an bhfliúit sa sliocht seo.

| Freagra: |
| --- |
| |
| |

**(d)** Ar an bpianó sa sliocht seo seinntear

- ☐ cuntrashéis
- ☐ cordabhraislí
- ☐ cordaí briste

**(e)** Sainaithin difríocht amháin idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i **Sliocht 1**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(10 marc)**

Sliocht as *Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band* le the Beatles, a sheinnfear trí huaire.

- Tá na liricí priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | We're Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band. |
| Líne 2 | We hope you will enjoy the show. |
| Líne 3 | Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band, |
| Líne 4 | Sit back and let the evening go. |
| Líne 5 | Sergeant Pepper's Lonely, Sergeant Pepper's Lonely, |
| Líne 6 | Sergeant Pepper's Lonely <u>Hearts Club Band.</u> |
| Líne 7 | It's wonderful to be here, |
| Líne 8 | It's certainly a thrill, |
| Líne 9 | You're such a lovely audience, |
| Líne 10 | We'd like to take you home with us, |
| Líne 11 | We'd love to take you home. |

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Tá armóin 2-pháirt agus 3-pháirt sa sliocht seo. Ta sé le cloisteáil

- ☐ ar an ngiotár rithime
- ☐ ar an dordghiotár
- ☐ ar na guthanna

**(b)** Seinntear an figiúr uirlise atá ag deireadh líne 4

- ☐ ar an gcorn Francach
- ☐ ar an ngiotár rithime
- ☐ ar an dordghiotár

**(c)** I líne 6, san áit a bhfuil líne faoi na focail, cloistear

- ☐ sioncóipiú
- ☐ rithim phoncaithe
- ☐ tríríní

**(d)** Sna línté 7–9 den sliocht

- ☐ tá líne an ghutha dúbailte ar na coirn Fhrancacha
- ☐ seinntear cuntrashéis ar na coirn Fhrancacha
- ☐ seinntear bloc-cordaí ar na coirn Fhrancacha

**(e)** Sainaithin gné rac amháin agus gné chlasaiceach amháin den cheol in *Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band.*

| Gné rac: |
|---|
| |
| |

| Gné clasaiceach: |
|---|
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach**

Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** (i) Is é atá sa damhsa a chloistear sa sliocht seo ná

| ríl | port | cornphíopa |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(ii) Is é amchomhartha an damhsa seo ná

| $\frac{3}{4}$ | $\frac{6}{8}$ | $\frac{4}{4}$ |
|---|---|---|
| ☐ | ☐ | ☐ |

(iii) Barra rithime tipiciúil a bhaineann leis an damhsa seo ná

☐ 

☐ 

☐ 

**(b)** Uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo ná:

☐ an fhidil

☐ an bainseó

☐ an cairdín

**Sliocht 2.**

**(c)** Sainaithin stíl na hamhránaíochta sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(d)** Sainaithin dhá ghné de stíl seo na hamhránaíochta mar a chloistear sa sliocht seo iad.

| Gné 1: |
|---|

| Gné 2: |
|---|

**Sliocht 3.**

**(e)** Sainaithin an cineál foinn a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(f)** Sainaithin an uirlis ar a seinntear an fonn sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(g)** Sainaithin gné thraidisiúnta amháin den cheol sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |

**Beidh sos dhá nóiméad déag ann roimh an gcéad cheist eile.**

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta**

Tá an cheist seo bunaithe ar shé shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ag tús an tsleachta seo, seinntear an tséis

☐ ar théaduirlisí

☐ ar ghaothuirlisí adhmaid

☐ ar uirlisí práis

**(b)** Gné den cheol sa sliocht seo ná

☐ tríríní

☐ nótaí athdhéanta

☐ nótaí marthanacha

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Sainaithin gné amháin den cheol a chloistear ar an bpianó sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |


**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Is as damhsa an bháis a baineadh an ceol a chloistear sa sliocht seo. Conas a léiríonn an cumadóir damhsa an bháis sa cheol a chloistear sa sliocht seo?


| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |


*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*


**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór priontáilte thíos.**




**(e)** Is iad na nótaí atá ar iarraidh ag **X** ar an scór thuas ná

☐ 

☐ 

☐ 

**Sliocht 5 agus Sliocht 6, a sheinnfear trí huaire.**

**(f)** Sainaithin difríocht amháin idir an ceol a chloistear i **Sliocht 5** agus an ceol a chloistear i **Sliocht 6**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair:**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

# Ceol Éisteacht

Déardaoin 23 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00